C/2025/4962

9.9.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12146 — OEP / KBR / BRIS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/4962)

1. An 29 Lúnasa 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— OEP Capital Advisors, L.P. ('OEP', SAM),

— KBR, Inc. ('KBR', SAM),

— Brown & Root Industrial Services Holdings, LLC ('BRIS', SAM), atá faoi rialú comhpháirteach KBR agus Bernhard Capital Partners Management, L.P. faoi láthair.

Gheobhaidh OEP agus KBR rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar BRIS.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh é OEP atá dírithe ar na hearnálacha tionsclaíochta, cúraim sláinte agus teicneolaíochta i Meiriceá Thuaidh agus san Eoraip,

— Is soláthraí domhanda seirbhísí teicneolaíochta, innealtóireachta comhtháite, soláthair, seachadta tógála agus oibríochtaí agus cothabhála é KBR.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó BRIS: tacú le custaiméirí san aistriú chuig foinsí malartacha fuinnimh agus breosla, agus raon iomlán seirbhísí tionsclaíocha á sholáthar aige, chomh maith le seirbhís speisialtachta eile. Oibríonn BRIS ar fud Mheiriceá Thuaidh.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12146 — OEP / KBR / BRIS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË